

CSEAS ? FAQs

An tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse – céard é féin?

Is seirbhís náisiúnta Cúnaimh d'Fhostaithe í an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse atá ar fáil do gach aon bhall foirne a oibríonn sa Státseirbhís. Tacaímid le haon duine ag a mbeadh deacrachtaí sa láthair oibre nó deacrachtaí pearsanta a bhféadfadh sé iad a bheith ag imirt tionchar díobhálach air nó uirthi sa bhaile nó ar obair.



Cad iad na seirbhísí a chuireann sibh ar fáil?

- Tacaíocht rúnda* duine le duine do bhaill foirne
 - Tacaíocht do bhainisteoirí agus lucht Acmhainní Daonna
 - Pointe eolais i dtaca le polasaithe agus próisis éagsúla m.sh. Saoire Bhreiteachta, Dínit san Ionad Oibre, Promhadh srl.
 - Cuir i láthair/seimineáir ghréasáin a sholáthar do mheithle agus rannóga foirne ar thopaicí a bhaineann le folláine foirne.
 - Freagairt do Theagmhais Chriticiúla san ionad oibre
- Is féidir níos mó eolais a fháil ar www.cseas.per.gov.ie

Cé na fadhbanna ar féidir libh cúnaimh a chur ar fáil ina dtaobh?

Tacaímid le daoine a mbeadh fadhbanna ar bith acu a bheadh ag déanamh buartha dóibh nó ag imirt tionchar díobhálach ar a gcuid oibre agus/nó saol pearsanta. **Níl aon teorainn ar an méid is féidir a phlé linn.** Féadaimis bheith mar bhonn braite agat chun cabhrú leat socrú ar an gcur chuige is fearr le plé le do cheist nó fadhb. Is seirbhís neamhbhreithiúnach rúnda saor in aisce muid mar a gcaithfear leat le comhbhá agus le tuiscint. Ar shamplaí de na ceisteanna a soláthraímid tacaíocht ina leith, tá, **deacrachtaí idirphearsanta / caidrimh**, ceisteanna **sláinte** meabhraí agus **fisicí**, buarthaí **airgeadais**, **méala**, **drochíde sa teaghlach**, **fadhbanna san ionad oibre**, **smaointe faoin bhféinmharú** srl. Ní liosta uileghabhálach é seo, áfach. Dá dtarlódh sé go mbeadh sé ní b'oiriúnaí duit tacaíocht a fháil ó sheirbhísí speisialta, déanfaimid iarracht tú a threorú chuig an áit cheart ach tacaíocht eatramhach a chur ar fáil fós féin, má bhíonn sí ag teastáil.



Conas is féidir liom teacht ar an tseirbhís?


Is féidir leat tú féin a chur i láthair na seirbhíse trí ghlao a chur ar ár n-uimhir shaorghlao, **0818 008 120** nó trí theagmháil dhíreach a dhéanamh le d'Oifigeach Cúnaimh d'Fhostaithe. Tá sonraí teagmhála uile an Oifigigh ainmnithe Cúnaimh d'Fhostaithe don rannóg agatsa ar fáil ar ár suíomh gréasáin, www.cseas.per.gov.ie agus is féidir iad a aimsiú ach cliceáil ar an meirge rollach 'Meet our Team'. Má bhíonn tacaíocht éigeandála láithreach ag teastáil uait, is féidir teagmháil a dhéanamh lenár n-uimhir shaorghlao mar a mbíonn Oifigeach Cúnaimh d'Fhostaithe ar dualgas ar fáil leis an nglao a ghlacadh le linn uaireanta oscailte na seirbhíse. De rogha air sin, is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag cseas@per.gov.ie.

0818
008
120

Seirbhís Chúnaimh
d'Fhostaithe na Státseirbhíse



Civil Service Employee
Assistance Service



Cá háit a bhfuil an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse lonnaithe?

Is seirbhís náisiúnta í an tSeirbhís agus oifigí againn i **mBaile Átha Cliath, Sligeach, Uíbh Fháilí, Luimneach, Corcaigh agus Gaillimh**

Cén cineál coinní a chuireann sibh ar fáil?

Cuirimid coinní gutháin, pearsanta agus ar líne ar fáil. Is féidir riar ar choinne pearsanta in oifig an Oifigeach Cúnaimh agatsa nó ag do láthair oibre, ach áit oiriúnach phríobháideach a bheith ar fáil inar féidir labhairt nó d'fhéadfaí an coinne a reáchtáil áit éigin a bheadh oiriúnach don bheirt agaibh. Beidh an tOifigeach Cúnaimh sásta freastal ortsa a oiread agus is féidir. Déantar coinní gutháin agus coinní ar líne a shocrú ag amanna a oireann duitse. Is féidir linn freisin coinní a éascú do chliant atá bodhar nó a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu agus Ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann in úsáid againn



Cá fhad a bheidh mé ag fanacht le coinne a fháil?

Tar éis duit teagmháil a dhéanamh le Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse, déanfaidh d'Oifigeach Cúnaimh a dhícheall coinne a shocrú duit laistigh de 5 lá oibre, nuair is féidir. Sa chás ina mbeadh ar an Oifigeach Cúnaimh nó ar an gcliant taisteal le dul chuig coinne, déantar an cruinniú a sceidealú chomh luath agus is praiticiúil

Cad iad uaireanta oscailte na Seirbhíse Cúnaimh?

Feidhmíonn an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse ó Luan – Déardaoin ón 9am-5.15pm agus ón 9am-5pm Dé hAoine. Más gá, is féidir coinní a éascú lasmuigh de na huaireanta seo ach iad a shocrú roimh ré

An bhfuil uasteorainn ann ar an méid uaireanta is féidir liom leas a bhaint as an tseirbhís?

Níl, níl aon teorainneacha ag baint leis an tseirbhís a úsáid. Tá fáilte romhat teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Cúnaimh a oiread agus a theastaíonn uait. Oibreoimid leatsa d'fhonn an leibhéal agus an fad tacaíochta atá ag teastáil a dhéanamh amach. Táimid anseo chun tacú leat.

An gcuirfeá in iúl don bhainisteoir nó do lucht Acmhainní Daonna gur úsáid mé an tseirbhís?

Is seirbhís rúnda* í an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse agus ní dhéanfar faisnéis duine a chomhroinnt le lucht Acmhainní Daonna, lucht bainistíochta ná le haon tríú páirtithe gan cead scríofa follasach ón duine. Má úsáideann tú an tseirbhís le linn uaireanta oibre, beidh ort a chur in iúl do do bhainisteoir líne go bhfuil coinne agat le Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse le go bhféadtar tú a scaoileadh ó do chuid dualgas. Ní gá duit a nochtadh, áfach, an fáth a bhfuil tú ag úsáid na seirbhíse.


**Baineann eisceachtaí leis an rúndacht seo agus d'fhéadfadh sé iad seo a theacht i bhfeidhm sna cásanna seo a leanas:*


- Nuair a bheadh baol ann go ndéanfaidh duine dochar dó nó di féin, do dhaoine eile nó nuair a bheadh beatha duine i mbaol
- Nuair a bheadh freagracht reachtúil tuairiscithe ann m.sh. cosaint leanaí
- Nuair a chuirfeadh neamhnochtadh an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse i ndeacair
- Nuair a thuigfí don tSeirbhís Cúnaimh go bhféadfadh sárú ar an dlí coiriúil a bheith ann
- Sa chás ina mbeadh ceanglas cúirte nó próisis dhlíthiúil i bhfeidhm, d'fhéadfadh sé gurbh éigean nochtadh a dhéanamh

Nuair is féidir, cuirfidh an tOifigeach Cúnaimh in iúl don duine i gcónaí gur gá nochtadh a dhéanamh agus molfar don duine a bheith rannpháirteach sa nochtadh.

An féidir le baill teaghlaigh oibríthe státseirbhíse an tseirbhís a úsáid?


Ní ceadmhach ach do státseirbhísigh reatha amháin atá ar seirbhís an tSeirbhís Cúnaimh a úsáid. Más amhlaidh, áfach, go bhfuil tú buartha faoi bhall teaghlaigh, féadaimid comhairle a chur ar fáil agus tacú leatsa chun tacú leis nó léi.






Níl mé sásta i mo ról reatha agus ba mhaith liom aistriú chuig rannóg nó láthair eile. An bhféadann an tSeirbhís Cúnamh cabhrú liom leis seo?

Pléitear le haistrithe trí Scéim Soghluaisteachta na Státseirbhíse agus ní bhíonn aon bhaint ag an tseirbhís cúnamh léi seo. Is amhlaidh, áfach, gur féidir linn tacú leat le haon cheisteanna a bheadh ag baint le tú a bheith ag iarraidh aistriú.



Táim ag smaoineamh ar imeacht ar scor roimh i bhfad. Cén cineál tacaíochta is féidir libh a sholáthar dom i dtaca leis seo?

Féadann an tSeirbhís Cúnamh d'Fhostaithe na Státseirbhíse aon bhuarthaí a bheadh agat i dtaca leis na hathruithe i do shaol a thiocfadh leis an scor a fhiosrú agus tacú leat ina dtaobh seo. Mar shampla, d'fhéadfá oibriú le hOifigeach Cúnamh chun plé a dhéanamh ar phlean folláine a thiocfadh i bhfeidhm go díreach tar éis imeacht ar scor nó chun plé a dhéanamh ar aon spriocanna saoil a bheadh agat agus a bheifeá ag iarraidh a bhaint amach. Féadann an tSeirbhís Cúnamh, freisin, tú a threorú trí na céimeanna a bhaineann leis an bpróiseas scoir. Ba cheart aon fhiosrúcháin i dtaca leis an bpinsean sainiúil a bheadh agat agus le haon teidlíochtaí cnapshuime a chur ar an Oifig Acmhainní Daonna agus nó Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte áitiúil agat.



Is oibrí Acmhainní Daonna/bainisteoir Daoine mé agus tá mé buartha faoi dhuine de na baill foirne agam. Conas a d'fhéadfadh an tSeirbhís Cúnamh tacú liomsa chun tacú leis nó léi?

I gcás ar bith, féadann lucht Acmhainní Daonna agus bainisteoirí dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Cúnamh le haghaidh comhairle agus treoir i dtaca le bheith ag plé le ceisteanna leasa foirne. Ba cheart é seo a dhéanamh ar bhonn anaithnidithe le go mbeadh an aird chuí ar chearta cosanta sonraí an bhaill foirne lena mbaineann. Éascaíonn sé seo do lucht Acmhainní Daonna/bainisteoirí tacaíocht a fháil chun plé leis an gcás a bheadh ag teacht chun cinn, chun breathnú ar na roghanna a bheadh ar fáil lena bhainistiú agus, chun breithniú a dhéanamh ar aon atreorú iomchuí. Déanfaidh an tSeirbhís Cúnamh gach aon iarracht tacú le lucht Acmhainní Daonna/le bainisteoirí sna cásanna seo d'fhonn toradh dearfach a éascú don uile dhuine. Tá sé de rogha ag lucht Acmhainní Daonna/bainisteoirí seirbhísí na Seirbhíse Cúnamh a mholadh don bhall foirne.

Sa chás ina molfadh an príomhoifigeach leighis go ndéanfaí ball foirne a threorú chuig an tSeirbhís Cúnamh d'Fhostaithe na Státseirbhíse, is ceadmhach do lucht Acmhainní Daonna/bainisteoirí an ball foirne a atreorú chuig an tSeirbhís Cúnamh gach toiliú uaidh/uaithi a iarraidh.

Is féidir níos mó eolais ar pholasaí atreoraithe na Seirbhíse Cúnamh d'Fhostaithe Státseirbhíse a fháil ag www.cseas.per.gov.ie